Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2022 (OR. en)**

**12343/22**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0281(COD)**

**CODEC 1288**
**ECOFIN 864**
**RELEX 1166**
**COEST 645**
**NIS 24**
**FIN 909**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin, lena ndaingnítear an Ciste don Soláthar Coiteann le ráthaíochtaí ó na Ballstáit agus le soláthar sonrach le haghaidh roinnt dliteanais airgeadais a bhaineann leis an Úcráin, arna ráthú faoi Chinneadh Uimh. 466/2014/AE, agus lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/1201 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. An 7 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 212 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. An 14 Meán Fómhair 2022, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh críochnaitheach, mar a leagtar amach in 12199/22 é, agus d'údaraigh sé don Uachtaránacht litir a sheoladh chuig Cathaoirleach Choiste Pharlaimint na hEorpa um Thrádáil Idirnáisiúnta (INTA) lena ndearbhaítear, dá nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294, mír 3, den Chonradh, san fhoirm a leagtar amach in 12199/22, go ndéanfadh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 294, mír 4, den Chonradh, seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas agus go nglacfar an gníomh san fhoclaíocht sin, faoi réir, más gá, athbhreithniú a bheith á dhéanamh ag dlítheangeolaithe an dá institiúid.

[1] 12199/22 + COR1.

3. Ina theannta sin, an lá céanna, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe, dá nglacfadh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh san fhoirm a leagtar amach in 12199/22, arna athbhreithniú ag dlítheangeolaithe an dá institiúid in PE-CONS 49/22, le linn sheisiún iomlánach an 12-15 Meán Fómhair 2022, go gcuirfí an togra seo faoi bhráid na Comhairle go díreach, eadhon faoi bhráid na foirmíochta Gnóthaí Ginearálta ag a cruinniú an 20 Meán Fómhair 2022, agus go n-iarrfaí ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas mar mhír 'A' agus maolú, ar bhonn Airteagal 3(3), an dara fomhír, de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh[2].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 15 Meán Fómhair 2022[3]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis.

5. Iarrtar ar an gComhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 49/22 é, a fhormheas;
- a mhaolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[2] 12220/22.
[3] 12332/22.